ansin go dté gur deisead an Conrad lé Sasana. Sgaoilead
saor sinh ar an 11ú, Eanáir, 1922.

(Críob).

Samuel O'Neill Jr

*Moza: Tá meirín le h-ainm na b'páir a mairbh na
Saeiranaig 'Bairraí an Cozair*

Dean Brennan, Lieut. Col.

2. 1. 57.

BUREAU OF MILITARY HISTORY 1913-21
BURO STAIRE MILEATA 1913-21
NO. W.S. 1557

ORIGINAL

BUREAU OF MILITARY HISTORY 1913-21
BURO STAIRÉ MILEATA 1913-21
No. W.S. 1557

TUARASCABHÁIL Ó SHEAMUS Ó NÉILL,

ó Chluain Meala, ó Caiseal,

agus anois i

Sion Hill, Bóthar Naomh Mhuire, Gaillimh.

Sa mbliain 1905, bhí Seamus Ó Clandiollúin mar mhúinteóir Gaeilge againn i sgoil na mBráthar gCríostúil, Cluain Meala. To phioc sé amach mise le part "An Pháiste" do thógaint ins an dráma - "An Dochtúir - a bhí le léirú ag cómhaltaí Craobh Chonnradh na Gaeilge i gCluain Meala.

"Na dhiadh sin d'eirigh na cómhaltaí fásta sa Chraobh an-cheanúil orm agus bhíos mar pheata acá, go mór mór ag Prionnsias Ua Druathcháin. Thugadh seisseann gach leabhar Gaeilge agus páipéar agus Iris Geadhalach a bhí ann na blianta sin - le léigheamh agam. Do bhíodh buachaillí dom chómh aois ag frastal ar ranganna Gaeilge sa Chraoibh ag an am sin agus bhíodh Prionnsias ag cabhrú linn.

Ó am go h-am thagadh timthirí ó's na Cumannaibh eagsúla Gaedhalacha go dtí Prionnsias Ó Druathcháin agus ba é Prionnsias do chuir in aithne mé do M.F. Crowe, Seán Mór Ó Mathghamhna, Seán MacDiarmada, Diarmuid Ó Eóingsigh & r.l. I dtosach na bliana 1910, do bhí Seán Mac Diarmada ag caint lion lá agus do mhol sé dom cur isteach ar na comartaisí do bhíodh ins an páipéar - "Sinn Féin" - le haghaidh buachaillí. Do chuireas isteach agus fuair an chéad duais. Gairrid i na dhiaidh sin fuair leitir agus roinnt duilleógíní ó Mhicheál Ó Lonargáin, Bleá Cliath, a bhí an tráth sin "na Rúnaí Generálta ar Na Fianna Éireann. Thugas an leitir agus

na duilleóiginí do Phrionnsias Ua Druathcháin agus do mhol sé dom freagra a thúirt ar an leitir sin. Rinneas amhlaidh. Bhíos le cuaird a thúirt ar Bhleá Cliath i mí Iúil nó Lúghnasa agus rinneas réiteach le Micheál Ó Lonargáin teanghbháil liom i mBleá Cliath. Chuir sé chúgham cnaipedo na Fianna Éireann le 'na chaitheamh ag stad na treanach Droichead an Ríogh agus bhí ceann eile á chaitheamh aige féin. Bhuailéamair le chéile. Taréis lóin thug sé amach go dtí teach an Countess Markeivicz mé mar ar bhuail liom Bulmer Hobson, Con Colbert agus daoine eile. Thugas abhaile liom a thuille duilleoiginí agus taréis dul i gcómhairle le Prionnsias Ua Druathcháin agus daoine eile, do bhunaigheamair sluaigh - C.J. Kickham - Cluain Meala, agus bhí mé fhéin mar cheann ortha. Tamall 'na dhiaidh sin tháinig Liam Ó Maoil - Íosa go Cluain Meala, mar thimthire.

Mean Fhóghmhair, 1911, do chuaidh mé go Coláiste De La Salle, Port Láirge, mar mhac léighinn ann agus bhíos ann go dtí Iúil, 1913. Ins an tréimhse sin do bhínn ar chuairt ar thig J.D. Walsh, "St. John's", Port Láirge, agus bhuailéas le daoine mar Chathall Brúgha, na cómhaltaí ó Phort Láirge a bhí ins an I.R.B. agus i gConnradh na Gaeilge.

Am éigin i 1912, tugadh isteach mar chómalta do'n I.R.B. mé i gCluain Meala. Prionnsias Ó Meadhra a bhí mar cheann áitiúil i gCluain Meala an tráth sin. Bhí Prionnsias Ua Druathcháin mar cheann an Chonndae Theas ag an am sin. Nuair a chuadhas go De La Salle ceapadh Doiminic Mac Aodha mar cheann ar na Fianna Éireann, Slua C.J. Kickham, Cluain Meala.

Ó'n Samhradh 1910 amach do bhínn i gcuideachtaí Phrionnsias Ó Druathcháin agus is minic a bhíodhmair le chéile ag rotharíocht go dtí na cluichí i nDún Garbháin, i dTúrlas Éile agus i bPort Láirge & rl. agus go dtí feiseanna agus aerídeachtanna i gCarraig na Súire, Baile Mhic Cairbre & rl. Ins na háiteanna seo do bhuaileas leis na fearaibh ba mhó céim agus spéis ins na cumannaibh eagsúla. Fó-dhómhanach do bhuaillimis amach ar na crochaibh agus bheadh cleachta bheag lé lámhach as gúnaán .38 againn. Mar sin do bhí gur bunúidh na nÓglaigh i mBlea Cliath, mí na Samhan, 1913.

Do bunúidh na nÓglaigh i gCaiseal Mumhan ar an 23ú lá de Shamhain, 1913, ag an gCruinniú bliantúil do na Manchester Martyrs" ann. Ceapadh an tAthair T. Ó Condúin, S.O., mar chathaoirleach agus P.C. Ó Mahony mar rúnai oinig ortha. Rinneamair ár ndícheall na nÓglaigh a bhunú i gCluain Meala ach toisg nach raibh aon halla againn - níor eirigh linn go dtí Feabhra 1914. Léigh led" thoil, an tuarascáil greamuithe ar an iarracht i nEanáir, 1916. Bhí muintear an A.O.H. go gníomhach agus go líonmhar i gCluain Meala an tráth sin.

Feabhra, 1914, fuair eas post mar mhúinteóir i gColáiste Tobar na Carraige, Caiseal Mumhan. Roimhe sin ó Eanáir, 1913, do bhíos ag obair mar mhúinteóir i sgoileanna na mBrathar gCrríostúil Naomh Peadar agus Pól, Cluain Meala. Toisg nár bhféidir dom freastal ar na cruinnithe seachtúil i gCluain Meala as sin amach do dheininn freastal ar na manoeuvres do bhíodh aca gach Domhanach. Théighinn abhaile gach tráthnóna Sathrainn. Thugas congnamh i roinnt áiteanna i dTiobraid Árann Theas i mbúnú na nÓglach ann.

Bhíos i mBlea Cliath i Meitheamh 1914 taréis freastal ar uaigh Wolfe Tone, i Bodenstown, agus bhí cainnt agam le Seán MacDiarmada ar chúrsaí na nÓglach & rl. Dúirt sé liom a rádh le Prionnsias Ua Druathcháin:

"Secure every important position in the Volunteers and keep control of all arms and money; we will break with The Redmondites at the first chance".

An rud is táchachtaí a tharla i Dtiobraid Árainn Theas an samhradh 1914, nán an convention a tionóladh i gCaiseal Múmhan 29ú lá Iúil, 1914. Rinneas féin roinnt timthreacht - féachaint chun toghadh na dteachtaí-roimh ré. Pé sgéal é d'eirigh linn Piaras MacCanna do chur mar Chathaoirleach, agus Pádraig C. Ó Mathgamhna, mar Rúnaí Oinig, agus an bhreis againn a cheapadh do na cómhaltaí, ar an gcómhairle. Rinneadh bailiúchán airgid an-mhaith i gCluain Meala agus sa Cheanntar le h-aghaidh na nÓglach nuair a bhris an Cogadh Mór amach. Bhí beartuithe ag lucht stiúrtha Complacht Chluain Mealla battalion do bhunú sa Cheanntar. Toisg gur thug Col. Moreton Jackson sintiús £50 dóibh agus cead úsáid do dhéanamh do'n racecourse - Powerstown Park - rinneadh Uachtarán Onórach dó. An Domhnach a bhí an cruinniú againn ar an Rás Chúrsa leis an battalion do bhunú, thugadh cead do General Kellett, Clonacoby, Fíodh Árd, labhairt. Shíleas féin gur cómhairle a thabhfadh sé dúinn i dtaobh eagraíochta an battalion, ach ní h-eadh. Thug sé recruiting speech - to join the army and fight for gallant little Belgium, & rl.

Do chuireas 'na choinnibh sin go tréan.
D"órdúiodh dom a bheith im thost "or leave the ranks".
D"fhágas an áit agus shíúlas abhaile liom fhéin gan

fanúint le 'na thuille. Seachtain nó dhó 'na dhiaidh tháinig an sgoilt ins na h-Óglaigh. Roimhe seo bhí breis agus 500 cômhaltai againn ach níor fhan linn ach duine agus dachadh. As an airgead a bailluodh do ceannuodh 12 B.S.A. miniature rifles agus 12,000 rounds. Tugadh £200 do Phrionnsias Ua Druathcháin le gunnaí a sholáthar. Nuair a tháinig an sgoilt do bhí ll do na miniature rifles agus breis agus 10,000 lón cogaidh againn. Cúpla mí 'na dhiaidh sin thug Prionnsias Ua Druathcháin 32 Lee Enfield rifles agus 100 round do gach ceann leis, go Cluain Meala, agus sgaibeadh ar ár gcuid fear fhéin iad. Níor thugamair faic do lucht Redmond agus bhíodar sin go fíor fheargach linn - rud do chuireadar in iúil dúinn gan aon agó - go mór mór do Phrionnsias agus dom fhéin. Ó thosach 1911 go 1913 do chuireamair suas roinnt mhaith anti-recruiting posters. Maidir leis na h-Óglaigh - b'é an gná cúrsa cleachta a bhí againn - na manoeuvres gach Domhnach - leath lá nó lá iomlán, agus uaireanta eile - roinnt cleachta leis na miniature rifles.

Toisg mé a bheith ag obair i gColáiste Thobair na Carraige agus go mbínn ag múineadh na Gaeilge, dhá oíche sa tseachtainn i gCaiseal Mhúmhan, ní théighinn go Cluain Meala ach ag deire na seachtaine. Uaireanta do thugainn cuaird ar na Gaedhlibh i mbaile Thiobraid Árann - An Bealach, Dún Droma, Fíodh Árd - agus bhíodh páirt bheag agam ins na h-imtheachtaibh aca.

Domhnach Cingise 1915, tionóladh paráid mór na n-Óglach i gCathair Luimní. Bhí complachtaí ann ó Chathair Luimní, ó Chonndae an Chláir, Co. Luimní - Tuairsceart Chonndae Chiarraighe agus dreamanna beaga

ó Chonndae Thiobraid Árann. Bhí Prionnsias Ó Druathcháin mé fhéin agus deichniúbar eile ó Chlaurin Meala ann. Do shiubhalamar sa pháráid agus chonnaich muid mná shaighdiúrí Shasana - Separation Women - ag tuirt fé'n bpáráid. Pádraig MacPiarais a bhí mar "Reviewing Officer". D'fanas an oíche sin i dteach Sheáin Uí Dhálaigh, Tuimneach. Bhí ráflaí ann go raibh na cáirde - Sasana - le fógha a thuirt fé'n dteach sin.

Bhí convention do na Fianna Éireann le tionóladh i gCathair Luimní, Luan Cingise. Rinneas freastal ar an gcómhdháil sin. An rud is tachachtaí ar fad a bhí againn in 1915, na cruinniú mór i mBaile Dún Droma, 6ú Mí na Nollag, 1915. Bhí Piaras MacCanna agus ceathrarar cómhaltai aige fhéin - ó Dhubh Balla - agus rifil ag gach fear aca - ann mar aon le Óglaigh ó gach áit sa gCeanntar agus gunna de shaghas éigin ag gach fear aca - idir shotguns and Winchesters & rl. Cuireadh Piaras mar chathaoirleach agus labhair mé féin agus Eamon Ó Duibhir, An Bealach, ag an gcruinniú. Cé go raibh roinnt mhaith do'n R.I.C. i láthair níor chuireadar isteach orainn.

Timcheall an ama seo chuir Eamon Ó Duibhir, An Bealach, páipéar ar bun "An Gael". Cuirtí cló ar i mBaile Átha agus scaiptí é ar fuaid na tíre é Bhleá Cliath. An t-am ceana do bhínn ag léigheamh na bpáipéirí mar "The Workers Republic"; "Scissors and Paste", "Honesty" & rl. agus ba léir uatha sin nach fada a ragfaimis in 1916 gan dul i dtranglam i sli éigin leis na Sasanaigh. Fé ainmphin "Comeragh" do sgríbhinn do'n "nGael".

Maidir le ullmhú do'n Eirí Amach, ní bhfuair mé aon eolas to dtí Dé Ceadaoin - róimh Domhnach na Cásga - nuair a d'fhilleas ar Chluain Meala. Bhí tríúr nó ceathrar fear ar Prionnsias Í Druathcháin ag líonadh cartridges le ballbearings agus gach rud mar sin. Tháinig an sgéal i dtaobh na bhfear a báthadh i gCill Orglan agus ansin an sgéal i dtaobh Ruaidhrí Casement. Maidin Dé Sathrainn fuair mé delegarm ó Eamon Ó Duibhir bualadh leis ag Goold's Cross, an oíche sin. Fuair Prionnsias Ó Druachtháin ceann eile agus i gceann uair a chloig tháinig Con Deere, Goold's Cross, go dtí Prionnsias leis an sgéal go raibh an Eirí Amach le bheith ar síúl Dé Domhnaigh. Shocruigheamair go raghfainn go Goold's Cross ar mo rothar agus go bhfanfadh Prionnsias i gCluain Meala le na h-Óglaigh a thúirt le chéile agus eagar do chur ar an obair i gcóir an Dómhnaigh. Chuadhas go Fíodh Árd go Caiseal go Goold's Cross, go dtí teach Con Deere. Ar na daoine a bhí roghamh ann bhí Eamon Ó Duibhir, An Bealach, Seán Ó Treasaigh, Tiobraid Árann, Mícheal Ó Síothchain, Dun Droma, agus daoine eile. Bhí aithne mhaith agam ortha san mar ba mhínic roimhe sin do bhuaileamair ar a chéile ar ócáidí eagsúla. Dúirt Eamon Ó Duibhir liom ansin go raibh Piaras MacCanna imthighthe go Bleá Cliath ar lorg "final instructions" i dtaobh an Eirí Amach a bhí le bheith ar fuaid na tíre an lá 'na dhiaidh san. D'aontuigheamar go léir fanacht i dtig Con Deere - gan dul go dtí stad na treanach - go rachfadh Eamon Ó Duibhir le teangbháil le Piaras MacCanna agus go mbearfadh sé na treóracha thar n-ais dúinn. Tháinig an traen isteach tharéis a 9 p.m. agus tamall 'na dhiaidh sin tháinig Eamon Ó Duibhir isteach chúghainn - leis na sgéalta dhúinn: -

"The Rising is on - starting in Dublin at 4 p.m. to-morrow, Sunday. The Pope has sent His Blessing through Count Plunkett. The Germans are to launch a big air raid on England to cover the landing of German officers and arms and ammunition in Ireland".

Bhíomair go h-áthasach leis na sgéalta agus taréis roinnt cainte d'fhágamair slán ag a chéile. Dúirt Seán Ó Treasaigh^x liom:

"Our next meeting in an Irish Republic".

Thugas na sgéalta go Cluain Meala - bhí Prionnsias Ua Druathcháin, Seán Mac Aodha, Micheál Ó h-Annracháin agus mo dhriotháir Seán ag feitheamh liom. Shocruigheamair teacht go dtí an mobilisation ag a 10 a chlog maidean Dé Dómhnaigh. Bhíos ag Aifreann a 8 agus ní raibh ach mo bhreacfast ite agam nuair a fuair mé sgéala dul siar go dtí Prionnsias Ua Dhruathcháin "That everything was off". Chuadhas suas go dtí a theach. Dúirt sé liom gur chuir Eoin Mac Néill, a mhac, Brian, go dtí Piaras Mac Canna le órdú : "Call off everything", go raibh Piaras fhéin imthighthe leis an órdú go Luimneach agus go Ciarraige, go raibh air féin dul go Carráig na Súire, Port Láirge agus Ros Mhic Treóin. Dúirt sé liom fanúint i gCluain Meala agus sgéal a thuir do na fearaibh ar an mbaile agus fé'n dtuath. Chuir Prionnsias a dhrearbhráithreacha amach ag cur stop leis an mobilisation. Bhí sé deirneach an oiche sin nuair a d'fhill Prionnsias abhaile. Bhí caint agaim ar gach a tharla - tuairimí na ndaoine agus eile a bhuaill leis. Credim gur bhuaill sé le "Ginger" O'Connell i Ros Mhic Treóin, a thug na sgéalta go dtí sin. Bhí imrí orainn - an mbeadh na órduithe fachtá ag chuile dream ar fuaid na tíre. Cuadhamair a chodhla. Maidean Dé Luain bhíos le Prionnsias go luath ag faire ar na páipéirí agus ag feitheamh le sgéalta. Bhí duine de na

h-Óglaigh, Willie Myles, an tráth sin ag obair mar reporter in n-oifig páipéar "The Nationalist" i gCluain Meala. Shocruighmear leis, aon sgéala a thiocthadh go dtí an bpáipéar sin a chur chúghain gan mhoill ar bith. Timcheall a 5. a chlog an tráthnóna sin to chuir Willie sgéala chúghainn: - "Some outbreaks in Dublin, believed to be by the Citizen Army, no details as to the cause or extent of fighting". Chuir Prionnsias sgéala go dtí na h-Óglaigh: - "To hold themselves ready for a call out". D'fhág Prionnsias a theach féin agus thfág mise mo theach fhéin agus chuádhamar go dtí áit lasmuigh de'n mbaile. - Bhí Riobárd Ua Druathcháin - driotháir Phrionnsias - le sgéalta a thuir amach do Phrionnsias agus mo dhriotháir Seán - le sgéalta a thuir dom. De bhárr sgéalta ó Willie Myles - chuir Prionnsias sgéala go dtí Piaras MacCanna, Dé Máirt. Creidim go raibh Eamon Ó Duibhir le Piaras ag an am seo. Nil ach "hearsay" ar cad a tharla. Go luath maidin Deardaoin fuair Prionnsias Ó Druathcháin sgéala ó Piaras MacCanna - ag órdú dúinn teacht amach - "That Cork and Kerry were out, and that Limerick was coming out". Bhíomar le teacht le chéile ag an gCrosaire, Ráth Rónáin agus triall as sin to dtí Market Hill - in aice le Fíodh Árd. Thosnuigheamair ag sgaipeadh na sgéalta,

Ar a 1 p.m. bhíos féin agus dár dheagh Óglach ag an gcrosaire sin nuair a tháinig Doimínic Mac Aodha amach chúghainn le órdú dúinn sgaipeadh ar an neóimead - "Everything was off". Níor ghéilleas dó ach dúirt mé leis píosa páipéar a thuir amach ó Phrionnsias Ó Druathcháin. I gceann leath uair a cluig, tháinig Riobárd Ó Druathcháin - driotháir Phrionnsias - le órdú ó Phrionnsias dúinn, sgaipeadh agus dhul abhaile. Do sgaipeamair.

D'fhilleas ar mo theach agus chuadhas ar lorg Phrionnsias. Ní raibh sé ar fáil. Bhí sé imthighthe go dtí Piaras MacCanna. D'fhágas mo theach, ag fágaint stéal ag mo dhriotháir Seán cá mbeinn le fáil. Bhios mar sin.

Dé h-Aoine chuir Prionnsias Ó Druathcháin ^xTomás Ó Donnabháin go Corcaigh le teangbháil le Toirbheallach MacSuibhne nó le Tomás Mac Curtáin. Bhí motor-rothar ag Tomás Ó Donnabháin agus bhí aintín aige "na cómhnaí i gCathair Chorcaighe. D'fill Tomás go deirneach istoiche Dé h-Aoine - le sgéala - "Cork was not out - if they were coming out, a messenger, a lady, would be sent to Frank Drohan".

Bhí roinnt sgéalta ag Willie Myles - that the City of Dublin was surrounded; that the City of Dublin was ablaze; that the Rebels were surrendering, & rl., & rl. Sin mar a bhí againn - go dtáinig maidean Dé Sathrainn - a thuille sgéalta - "Rebels surrendering" - most of them had been killed from the big shells". Is deacair dom anois cuimreamh ar a leath.

Lár an lae Dé Sathrainn tháinig an sgéala isteach go h-oifigiúil - "on the orders of P.H. Pearse - unconditional surrender - all arms to be surrendered, & rl. & rl. Ins an gcainnt a bhí agam le Prionnsias agus Óglaigh eile - ar cad a bhfearr dúinn a dhéanamh, orduigheamair na h-airm teine & rl. a chur i bhfollach. Toisg nár sgaoileamair urachar amháin, shocruigheamair nár cheart dúinn dul ar ár dteicheadh - ach seasamh agus leigint do'n namhaidh sinn a ghábhail agus dul sa tseans ar cad a tháirlochfadh dúinn.

D'fhilleas ar Choláiste Tobar na Carraige tráthnóna Dé Dómhnaigh. Maidean Dé Máirt, do ghaibh R.I.C. as New Inn mé ar a 6 a chlog ar maidin agus thugadar mé go dtí an bearraic ag New Inn. As sin go dtí Príosún Chorcaighe mar a raibh na fir eile do bhí gabhtha i gCluain Meala agus baile Thiobraid Árann róghamh. Bhíomar ansin i solitary confinement gur tughadh amach Dé Luain 'na dhiaidh sin muid - go Bleá Cliath - Richmond Barracks. Tógadh mise amach ó mo chomaradathaí go léir agus cuireadh isteach go dtí 'F' Block mé i seomra go raibh Óglaigh eile ann a togtaí amach gach lá le cur ar a dtriall. Bhí an chainnt ann go rabhthas le triall a chur orm. Ehfios ann to dtí gur cuireadh go dtí Military Prison Lewes, i Sasana mé, agus as go dtí campa Frongoch. Sgaoileadh abhaile mé ar an 28ú Iúil, 1916.

Nuair a thangamair abhaile ó Frongoch ní raibh mórán le déanamh go dtí tosach an gheimhridh, nuair a thosnuigheamair ar na h-Óglaigh do bhunú arís - go díscréideach. Leanas do obair na Teangan - i gCaiseal agus i gCluain Meala, agus bhí an sgéal mar sin go dtí gur tháinig na príosúnaigh eile ó Frongoch agus ó Reading, ag Nollaigh, 1916. D'réir a chéile bhí mé ag claoídh leis an obair i gCaiseal agus gan ach baint ana bheag agam leis an obair i gCluain Meala.

I dtosach Feabhra, 1917, tháinig Seamus Robinson go dtí Kilshenane - teach Eamon Uí Dhuibhir. Bhíodh Seamus ag pleá leis na h-Óglaigh ins an oiche agus ag obair do Eamon Uí Dhuibhir sa ló. In áit a chéile, cuireadh treó agus eagar ar dreamanna beaga Óglaigh - ó Caiseal go Dún Droma. Bhí gach complacht ar a adhbhairín fhéin, mar níor bunuiodh na battalions fós agus ní raibh

aon chruinniú Conndae le eagar ceart a chur ortha.

Phós mé ar an 21ú Meitheamh, 1917, agus chuidhas chun cómhnuithe i gCaiseal Mumhan as sin amach. Rinneas freastal ar aeríocht mór i mBeallach, ar an 29ú Meitheamh, 1917, agus cúpla "na dhiaidh sin chuidhas siar go h-Innis, Co. an Chláir, le cabhrú leis na Gaedhealaibh a bhí ansin ins an dtoghachán de Valera ann. Cuireadh go dtí Cill Da Lua mé - le Con Collins, Phil McMahon, Seamus Hughes agus Denny Callaghan. Bhíomar ag obair i gCill Dá Lua go dtí go raibh an toghachán thart, nuair a d'fhilleas ar Innis agus as sin go dtí an Rinn is na Déise mar a raibh mo bhean. D'ath-ghabhas an obair mar mhuinteoir i gColáiste Tobair na Carraige i dtosach mí Meán Fhóir. Roimhe sin do ceapadh mé mar Chaptain ar na h-Óglaigh i gCaiseal Mumhan. Tharla an stailc i bPríosún Mountjoy agus bhí Tomás Ághas tréis bháis. Bhí cruinniu-protest again in gCaiseal agus i mBainseach, áiteanna ar chaitheas éide Óglaigh agus thugas órduithe drilleala do na h-Óglaigh.

Gabhadh mé ar an 12ú Meán Fhóir, 1917, agus tugadh go Príosún Chorcaighe mé. Cuireadh triail orm - fé D.O.R.A. - agus gearradh sé mhí príosúntachta orm. Tugadh go Príosún Mountjoy i mBleá Cliath mé. Bhíos ansin leis na Gaedhealaibh eile gur aistríodh sinn go léir go dtí Príosún Dún Dealgan ar an 13ú Samhain, 1917. Toisg gur cuireadh sinn ar an criminal "D" diet shocrúigheamair ar an dtoirt ar an stailc bídh. Aistín de Staic a bhí mar cheann orainn. I gceann dhá lá fuaireamair sgéala go raibh diúltuithe ag an Doctúir Gill - "forcible feeding" a dhéanamh orainn - agus chóm luath agus a thuiteadh príosúnach breóite, go dtabharfadh sé sin

órdú an príosunach sin a leigint saor fé'n "Cat and Mouse" Act. Thosnuigheamair ar sinn fhéin a dhéanamh breóite ansin agus i gceann cheithre lá bhíos ar dhuine de'n chearthar a leigeadh saor. Fé cheann seachtaine sgaoileadh saor gach príosúnach i bPriosún Dún Dealgan. Taréis dom dul abhaile, fuairéas sgéal go raibh na Sasanaigh ag cuibhniú ar sinn a d'ath-ghábháil. Mar sin ní dheanfhaínn codhla im theach fhéin san oíche. Bhí mar sin go dtí gur tháinig an chéad lá Mhárta, 1918. Is amhlaidh a chodhluíos im theach fhéin an oíche roimhe sin. An mhaidean sin agus mé ag fágaínt mo thighe le dul go dtí an Aifreann, bhí sgata do'n R.I.C. lasmuigh de'n dhoras agus gabhadh mé ansin. Chuadhais ar stailc bidh ar an neóiméad. Tugadh mé go dtí Dún Dealgan an tráthnóna sin. Bhí Seán Ó Treasaigh agus Mícheál Ó Braonáin ó Co. an Chláir rógham. Leanamair do'n stailc seo go ceann naoi lá go leith, nuair a géilldeadh dhúinn. Ní raibh aon phríosúnaigh eile sa bpríosún linn. Nuair a bhí deire leis an stailc, tháinig beirt phríosúnaigh ó Cho. Mhuigheó - Seán Ó Corcaráin agus Tomás Ó Ruadháin. Gach lá 'na dhiaidh sin ar feadh sgaithimh, bhí Príosúnaigh eile ag teacht isteach. Ortha san bhí Earnán de Blaghd, Toirdealbhach Mac Suibhne, M.P. Colivet, Seamus Leddon, Oscar Traynor, Dick McKee, Frank Henderson, Tadhg Ó Suilleabháin, beirt Foghlú ó Traighlí, & rí.

I gceann tamaill d'eirigh le Mícheál Ó Braonáin, Seán Ó Treasaigh agus mé fhéin ar ndinnear d'ithe le chéile in aon chillín amháin - lá im chillín, lá eile i gceann Sheáin agus lá eile i gceann Míchíl. Ba chuma leis na warders an fhaid is do bhíomair istigh do'n gcóireamh. I gceann tamallín eile thagadh Earnán

de Blaghd agus Toirdbheallach Mac Suibhne ag ithe dinnéir linn. Mar sin do thárla an cúigear againn ag ithe dinnéir le chéile. Sa chainnt dúinn righeannamair gach gné de'n obair do chur tré chéile agus ní rábhaimair bog ar a chéile ins na h-argóintí do bhíodh againn. An rud is sonndaisí a thárla i bPriosún Dún Dealgan - ná an posadh a rinne Diarmuid Ó Loingsigh gan cead ó'n Governor nó ó'n Riaghaltas ar an 24ú Aibreán, 1918. Thugamair fleadh beag dó an tráthnóna sin. An oíche sin tugadh amach as an bpriosún é agus cuireadh thar sáile go dtí U.S.A. é.

Ag an am seo bhí ceist na preasála (conscription) ó's cóir mhuinntear na hÉireann. Bhí go leór cainnteanna agus argóintí againn - ar pleannanna le chur ina choinne. Níor cuireadh i bhfeidhm é. Ach tháinig an "German Plot". An tréimhse priosúntachta a bhí ar Sheáin Ua Threasaigh - bhí deire le bheith air ar an 15ú Meitheamh, 1918. Bhí faithchios agus imní orainn go ngabhfaí arís é, nuair a bheadh sé lasmuigh de'n doras. Níor gabhadh é agus d'eirigh leis dul slán abhaile go Tiobraid Árann.

Tosach mí Iúil, 1918, aistríodh na priosúnaigh ó Phriosún Dún Dealgan go dtí Priosún Bhéal Feirste, Crumlin Road. Bhí Aibstín de Staic mar cheann ar na priosúnaigh i mBéal Feirste. Bhí Micheal Ó Breanáin mar cheann ar na priosúnaigh i bPriosún Dún Dealgan. Níor ghéill seiseann ró-fhonnmar do Aibstín. An port i gcómhnaí ag Aibstín ná "The jails must be the first line trenches"- níor thaithnigh sé sin le cuid mhaith de na priosúnaigh - bhí saol reasúnta maith aca i nDún Dealgan. Ní raibh na warders in mBéal Feirste chómh cineálta linn is do bhíodh na warders in nDún Dealgan.

Níl fhios agam cad é an réiteach a deineadh mar bhí mo thréimhse príosúntachta le críochnú i mBéal Feirste ar an 15ú lá de Iúil, 1918. An mhaidin sin tugadh amach as an gcellín mé le pé earraí a bhí agam ann - go dtí Oifig an Phríosúin. Cómh luath agus a tugadh dom go h-oifigiúil an t-airgead agus eile do bhí ins an oifig, tháinig Sáirsint agus ceathrar cómhaltaí do'n R.I.C. isteach ins an oifig. Tugadh m'ainm do'n tSáirsint - "This is the prisoner - James O'Neill". Ansin do leag an Sáirsint orm an fógra, sígnithe ag Edward Short, ag túirt fógra dom go rabhthas le mé a chur thar sáile go dtí Durham, Sasana, "for the safety and security of the realm". Tugadh amach ansin mé go dtí gluaisteán a bhí ag an ngeata agus tugadh go dtí stad na treanach mé mar ar cuireadh ar an dtrean go Bleá Cliath mé. Nuair a shroiseamair Bleá Cliath, tugadh go dtí Arbour Hill mé. Níor tugadh cead dom sgéal ná eile do chur go dtí mo bhean, a bhí i gCaiseal Múmhan ag coinne liom teacht abhaile an lá sin. Coimeadadh in Arbour Hill mé go dtí an 21ú Iúil, nuair a cuireadh ar bord luinge mé ar an turas go Durham - áit ar shroicheadh ar an 23ú Iúil, 1918. I bpríosún Durham rógham bhí "An Seabhach", Micheál Spealláin as Cill Áirne, Micheál Fleming as Tráighlí, Darrel Figgis agus Micheál Trayers as Gort Innse Guaire, Gallimh. Im dhiaidh tugadh ar dátaí éagsúla go dtí an bpríosún seo Frank Bulfin ó Tullach Mór, Eamon Bulfin, Eamon Morkan, Art Ó Conchubhair, Dan McCarthy as Bleá Cliath, Eamon Ó Duibhir, An Beallach, agus Frank McGrath, Aonach Úr Múmhan. Maidir leis an saol in Durham, tá leabhar beag sgríobhtha ag Darrel Figgis ag cur síos ar na h-imtheachtaí againn ann. Ní gádh dom cur leis an gcúntas sin. Tá sgéal greannmhar agam féin nach bhfuil

aon tagairt déanta dó ag Figgis. Nuair a shroiseas priosún Durham, thugas fé ndeara go raibh saol socair suimhneasach ag na priosúnaigh ann. D'réir deallraimh bhíodar sásta leis. Ní raibh mise sásta leis agus do mholas dóibh achramm a chur ar bun, ag éileamh ár sgaoilte abhaile nó triall a chur orainn. Níor tugadh áird orm. Ag an am sin d'eirigheas breóite le tinneas fiaccla agus do mhol an dochtúir dom na droch fhiaccla a bheith tógtha amach. Leis sin chuireas iarratas isteach go dtí an Governor - ag éileamh mo sgaoilte abhaile le aire a thúirt dom shláinnte - nó triail a chur orm. Chuireas mar bhagairt leis an éileamh: - "As you hold dominion over my body and refuse me a trial of the offences alleged against me, I demand that you safeguard my health as indicated by your doctor". Failing a satisfactory reply at the end of seven days, I will refuse my food". Laistigh de'n tseachtain tháinig an Governor chúgham ag iarraidh orm: - "Would I pay for the services of a dentist.?" Do thugas freagra dó: - "You have dominion over my body. You refuse to let me home where I can earn my money to pay for what I need. I will pay for nothing. The onus is on you to safeguard my health". Bhí seachtain eile ann agus chuireas ceist ar an nGovernor connus mar a bhí an sgéal. Ansin d'fhiafruigh sé díom: "Would you give parole while allowed to go to the local dentist?" Dúirt mise leis: - "I'll give no parole. If I be a free man outside the door, I intend to go home". Thugas seachtain eile dó. Ag deire na seachtaine sin dúirt an Governor liom: "I have been authorised to allow Chief Warder Ebbit take you to the local dentist to have your teeth extracted". Bhíos sásta. Thug Chief Warder Ebbit mé de shiubhal cos go dtí an bhfiaclóir. Baineadh amach roinnt mhaith

fiachla asam agus shiubhlas ar ais go dtí an priosún le Chief Warder Ebbit. Bhíos ar hospital diet ansin go ceann trí seachtaine nó mar sin. Ansin do cuireadh ar an gná diet mé. I gceann seachtaine chuireas éileamh isteach: - "Owing to the absence, through extraction, of my teeth, I was not able to eat the meat supplied. To safeguard my health I demand that I be supplied with artificial dentures - or to be released forthwith". Thugas seachtain dó le freagra sásúil a thúirt dom. Ní bhfuair eas freagra sásúil agus an lá sin do chuireas an fheoil ar ais go dtí an Governor. Bhí an sgéal mar sin ar feadh seachtaine - nuair a tháinig an fiaclóir isteach go dtí an bpriosún agus thóg sé múnla dem charabal uachtarach agus do'n gcarabal ioctarach agus d'imthigh leis. Dhiultúios an fheoil d'ithe aon le - ach é a chur ar ais tríd an warder go dtí an Governor. I gceann cúpla seachtaine níor tháinig na fiacla nua chugham. Sgríobhas go dtí an Governor ar fhiafruighe dhó an raibh sé ag déanamh magaidh díom - nár tugadh "the artificial dentures" dom fós. Fé cheann seachtaine nó mar sin, tugadh na fiacla nua isteach dom. Tá siad agam ó shoin - mar souvenir - agus le feiscint ag aon duine - gur áil leis sin a dhéanamh. Tá sgéal eile agam le cur leis seo.

Lá dá rabhas leis na priosunaigh eile agus rís cruaidh le n-ithe againn. Ní raibh sin ag eiri go ró-mhaith liom. Dúirt duine éigin: "If you had a drop of hot milk with that Seamus you would not be doing badly". D'aontuigheas. Ansin dúirt Daniel MacCarthy: "Ill get you milk". Níor bhacas a thuille leis, ach an mhaidean "na dhiaidh sin nach raibh haemorrhage an-donna

ag Dan MacCarthy. Cuireadh sgeóin agus sgannradh ar an doctúir. B'é toradh an imní ar an doctúir go bhfuair Dan cead point bainne d'fháil gach lá dó fhéin. Duine é Dan go raibh suim an-bheag aige i mbainne agus thug sé an bainne breise dúinn gach lá. Lá di'á rabhas ag baint sásaimh as an mbainne sin dúirt Frank Bulfin le Dan MacCarthy: - "Any chance you could get a drop of malt where you got that milk". An mhaidean i'na dhiaidh sin bhí haemorrhage an-trom eile ag Dan. Bhí sgeóin agus sgannradh ar an doctúir agus ar an nGovernor. Dúirt Dan leo go mbíodh medicine áirithe á fháil aige sa mbaile i mBleá Cliath ó chemist áirithe. Dá dtabharfaidís cead dó é sin a fháil arís ó'n gchemist sin, do bheadh seans ann go ndeanfadh sé maitheas dó. Do ghéilleadar dó. Bhí córus againn - leitreacha a chur amach i ngan fhios do'n nGovernor agus tríd sin do sgríobh Dan go dtí an chemist úd ag iarraidh air an whiskey ba láidre - gan braon uisce ann - do chur isteach chuige tríd an Governor. Stríobh Dan litir dheas amach tríd an Governor go dtí chemist at iarraidh air an medicine a chur isteach chuige - ar mhaithe le na shláinnte. I gceann cúpla lá tháinig buidéal pinnt isteach agus label air - three tablespoons full a thogaint roimh lóin agus trí cinn 'na dhiaidh. Tugadh an buidéal gan ceist gan briseadh do Dan. Ní bréag a rádh go raibh an-áthas ar Dan agus ar Frank.

Mé fhéin an duine do b'óige ar na príosúnaigh ó Éirinn. Bhí coinne againn le n-ár sgaoileadh abhaile le teacht na Nollagh, 1918, ach níor sgaoileadh. Taréis na Nollagh thuit an flú ar na príosúnaigh agus bhíomar dona go leór. Fuair Piaras MacCanna bás i bPríosún Gloucester an 6ú Márta, 1919. Ar an 10ú Márta, 1919, tháinig órdú ár sgaoilte amach. Gídh go rabha

cuibhseach donna ag an bhflú, thánaigh mé abhaile leis na fir eile. Thánagmair tré Moncuin, Sasana, áit ar tugadh flea dúinn. Nuair a thánagmair i dtír i nDún Laoghaire bhí Micheál Ó Coileáin agus Harry Boland róghainn le fáilte a chur róghainn, rud a rinneadar. Ní rabhas ar fongnamh agus thug Harry Boland isteach i dtaxi mé go dtí teach m'aintín at 32, Bóthar Haddington, Bleá Cliath. An lá "na dhiaidh sin do thrialtas go dtí Rinn ó gCuannach - áit a raibh mo bhean. Bhí Dan Fraher, Neddy Lee agus daoine eile ag an stáisiún i nDún Garbhán le fáilte a chur rógham. D'fhanas ansin ar feadh trí seachtainí agus d'fhillleas ar Chaiseal Múmhan - áit a raibh mo theach féin.

Le lín tréimhse na preasála, do bunuioadh Briogáidí agus Battalions i dTiobraid Árann Theas. Bhí Piaras MacCanna mar cheann ar chath Chaisil - Cashel Battalion. Nuair d'fhillleas ar Chaiseal Múmhan tosach Aibreán, 1919, ceapadh mé mar cheann an chatha in áit Phiarais. Ag an am céada bhíos mar Uachtarán ar Chumann Sinn Féin, Uachtarán ar Chraobh Connradha na Gaeilge i gCaiseal agus dhá oíche sa tseachtain do mhúininn ranganna Gaeilge i gCaiseal, agus dhá uair sa tseachtain do mhúininn rang do na Bráithre Críostúla i gCaiseal. Níor fhillleas ar an obair i gColáiste Thobar na Carraige go dtí Meán Fhóir, 1919.

Thárla cath Shulcóid Bheag ar an 21ú Eanáir, 1919, agus bhí na fir - Seán Ó Treasaigh, D. Briain, Seán Ó h-Ógáin agus Seamus Robinson ar a dteachadh in áiteannaibh i dTiobraid Árann Theas. Toisg go raibh Cath Caiseal i gceart lár an cheanntair sin, is minic a bhí orainn faire agus tionnlaic a dhéanamh ar na fir seo le linn dóibh

tríall tríd na h-áiteanna i gCath Chaisil. Níor togadh riamh ó Chaiseal an Proclamation - Martial area - agus bhí chómhaltaí an R.I.C. agus cómhluacht de na Lincolns go gníomhach i gCaiseal agus i mághcuairt. Mar sin fhéin do chuireamair Teach na Cúirte i gCaiseal tré theine ionnus nach mbeadh an áit ar fáil do shaighdiúirí Shasana - i ndeire mí Bealtaine, 1919. Thárla fuasgailt no rescue do Sheán Hogan ag Knocklong ag an am seo agus chuir sin le 'nár gcuid oibre, mar aon le gná obair na n-Óglach - drilleáil, soláthar airm agus eile. Ansin cuireadh an dualgas orm fhéin bailiú airgid le h-aghaidh an National Loan. Bhíos gnóthach go maith ag na cuairimí go léir a bhí orm. Bhí mo bhean mar cheann ar Chumann na mBan i gCaiseal agus mo theach mar ionad coinne agus teangbhála ag cómhaltaí gach cumainn. Lá de na laetheannta bhíos ag caint le Seán Ó Treasaigh. Dúirt sé liom "Headquarters ordered Dan and myself to America. I refused to go and said I was not going to be a little hero in America. I was stopping in Ireland to see the fight finished or die".

Tamall 'na dhiaidh sin tháinig Earnán Ó Máille ó Bhleá Cliath mar staff officer orainn. Toisg go bhfuil cuntaisí sgríobhtha ag Earnán fé na h-imtheachtaí aige fhéin i dTiobraid Árann Theas agus cuntas sgríobhtha ins an leabhar le Deasmumhan Ó Riain ar Sheán Ó Treasaigh agus an Triú Briogáid i dTiobraid Árann, ní maith liom a thuille a sgríobh. Tá leabhar eile - Trodairí Thiobraid Árann Theas - sgríobhtha ag Colm Ó Labhradha, agus is leór sin. Mar sin fhéin tá gné áirithe amháin go mba mhaith lion sgríobh mar gheall air.

Timcheall an ama seo luadhadh ó h-am go h-am an I.R.B. Chuireas go mór i gcoinnibh an I.R.B. ar an scór - go raibh riaghaltas againn féin agus nár cheart aon "dual-control" do bheith ar na h-Óglaigh. Deineadh úsáid do no Cín leitreacha I.R.A. timcheall an ama seo (Samhradh 1919). Deire seachtaine tháinig fear dar b'ainm Paddy Cawley ó Bleá Cliath chugham go Caiseal. Chaith sé an deire seachtaine seo ag argóint liom ag iarraidh a suimhniú orm gur cheart an I.R.B. a chur ar aghaidh & rl., & rl. Níor ghéilleas dó agus d'imthigh sé leis. Ag cruinniú do'n mBriogáid 'na dhiaidh sin, mí Iúil, 1919, tháinig Seán Ó Muirthille ó Bhleá Cliath go dtí an gcruinniú. Ní rabhas ag an gcruinniú sin mar bhíos thíos ins an Rinn. Dúbhradh liom go ndúbhairt Ó Muirthille ann "Only those in the I.R.B. will get arms etc.". Chuir sin ar buille mé.

Aon uair a bhíodh Cathal Brugha timcheall Tiobraid Árann Theas na laeannta seo agus go dtí 1922 do bhuaillin leis agus do bhíodh caint againn ar chúrsaí na h-Éireann. D'aontuigh sé liom ins na tuairimí a bhí agam i dtaobh an I.R.B. Ag an gcruinniú do'n mBriogáid i nDeire Fóir, 1919, bhí órdú ó G.H.Q. convention a thionólú do na h-Óglaigh i dTiobraid Árann Theas. Tugadh órdú dom an áit do sholáthar. Níor ba rud bog a fuair eas nuair a fuair eas sin le deanamh, mar bhí sábhaltacht na dteachtaí ag braith ar an áit a dtoghfainn. Bhí cúntóir an-mhaith agam d'ár b'ainm Pádraig Ó h-Ógáin. Tháinig sé ó Dhubh Ealla, timcheall chúig mhíle amach ó Chaiseal agus bhí aithne agus eolas aige ar gach teach agus teallach sa cheanntar. Is amhlaidh a bhí teach mór le dul ar ceaint ceann de na laeannta sin, "Meldrum Hall" agus bhí mhuinntear an tige taréis an tige d'fhagáil.

Is aisteach an cor sa tsaoghal gur fhan Cromwell ins an teach seo nuair a bhí sé ag creachadh Tiobraid Árann Theas. Bhí an teach sin - Meldrum Hall - suite in áit iargúlta i lár coille agus i bhfad o'n mbóthar poiblí. Shocruigheamair ár mbeirt ar an áit sin mar ionad do'n convention. Níor luadamair a ainm, ach chuireamair sgéalta go dtí fuireann gach catha go mbeadh scouts againn rómha, lá an convention, a thuibharfadh na teachtaí go dtí áit an convention. An chéad Domhnach i mí na Samhna, 1919, tionóladh an convention in Meldrum Hall. Tháinig trí scóir teachtaí go dtí an teach. Níor eirigh le Seamus Robinson, Seán Ó Treasaigh ná Dan Breen teacht ann. Chuir Robinson roinnt resolutions le cur ós cóir na cómhhdhála.

Cuimhnuighim go maith ar cheann aca - "That no peace be made with the enemy until the Supreme Council of the Irish Republican Brotherhood had approved of same".

Bhí Muiris Crowe mar chathaoirleach ar an gcómhdháil. Do mhol Micheál Ó Siocháin an rún sin ó Robinson agus ní cuimhin liom cé a chuidigh leis. Do chuir mise go mór 'na choinnibh - ag iarraidh ar na teachtaí - a chuimhniú gur saighdiúirí iad ach ná mbaineann ceist mar sin leo, gur ceist do'n riaghaltas é & rl. Pé sgéal é buadh orm; 30 votes to 27. Níor cuireadh isteach orainn agus d'eirigh le gach teachta dul abhaile go slán ó'n gcómhdháil. Lean an obair mar sin ag dul ar aghaidh, gach seachtain ag breith cúram éigin eile orainn, gur ró-liosta liom a luadh anseo. Bhí mar sin go dtí go dtáinig an Samhradh 1920. Bhí ana ghleó agus gleithreán timcheall Teampall Mór i dTiobraid Árann na laeannta sin - an-chainnt ann i dtaobh Jimmie Walsh & rl. Gach carr agus cóir iompair ag teacht ó thaobh theas na hÉireann

